TIONSCNAMH EORPACH Ó NA SAORÁNAIGH A DHRÉACHTÚ: NA PRÍOMHPHOINTÍ Ó NA SEIMINEÁIR GHRÉASÁIN

Sa doiciméad seo cuirtear le chéile na príomh-mholtaí maidir le tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a dhréachtú. Roinneadh an t-eolas sin le linn na seimineár gréasáin a d'eagraigh Fóram an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh. Cuirtear na moltaí le chéile de réir topaice, ar moltaí iad a d'eascair as an dá sheimineár gréasáin seo a leanas:

- Seimineár gréasáin "Comhairle dlí agus tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh á dhréachtú agat", 2019
- Seimineár gréasáin "Comhairle dlí maidir le tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a dhréachtú", 2020

Na pointí is tábhachtaí

1. Is le gníomh dlíthiúil amháin a athrófar dlí an Aontais. Mar sin, nuair atá tionscnamh á dhréachtú, ba cheart do na heagraithe smaoineamh mar dhlíodóir, ní mar ghníomhaí.
2. Caithfidh fios a bheith ag na heagraithe céard go díreach is mian leo a bhaint amach leis an tionscnamh agus ní mór dóibh é sin a chur in iúl go soiléir sa dréacht. Ba cheart d'eagraithe a bheith an-bheacht maidir lena ndréachtú dlíthiúil, agus teidil agus ábhair atá róghinearálta a sheachaint.
3. Braitheann tagairtí d'airteagail ó Chonarthaí an Aontais i gcónaí ar an réimse gníomhaíochta is mian le heagraithe a leanúint. Ní mór d'eagraithe a chinntiú go luaitear sa tionscnamh an réimse beartais inar mian leo athruithe a fheiceáil. Éascóidh sin tagairt a dhéanamh do na forálacha dlíthiúla faoi seach.
4. Sa tionscnamh, ní mór d'eagraithe a chur in iúl céard go díreach atá siad ag iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach a dhéanamh. Tá sé tábhachtach go bhfuil tuiscint acu ar na céimeanna a iarrann siad ar an gCoimisiún Eorpach a leanúint bunaithe ar an tionscnamh.

Pointí ábhartha eile

Inniúlachtaí an Aontais Eorpaigh

- Ní mór d'eagraithe inniúlachtaí an Aontais a chur san áireamh. Chuige sin, ba cheart d'eagraithe (1) féachaint ar ábhar an tionscnaimh (e.g. sóisialta, comhshaol, saothar, cáin), (2) tuiscint a bheith acu ar cé atá inniúil (an tAontas nó na Ballstáit) agus (3) tuiscint a bheith acu ar an inniúlacht de chuid an Aontais atá i gceist (más ann dó).
- Ba cheart d'eagraithe smaoineamh ar athrú beag ar dhlí an Aontais a mholadh, agus ar an dlí sin amháin. Leis an gcur chuige sin, is féidir leis na heagraithe a chur ina luí ar an gCoimisiún Eorpach nach bhfuil uathu ach athrú beag reachtach – d'fhéadfadh sin a bheith ina chabhair dóibh.

"Faigh Comhairle" ar Fhóram an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh

- Is é an sprioc atá ag na saineolaithe dlí atá taobh thiar den tseirbhís "Faigh Comhairle" a chinntiú go bhfuil an t-iarratas a dhéantar i dtionscnamh soiléir a dhóthain agus go bhfuil sé

struchtúrtha go maith. Méadaíonn sin an seans go n-éireoidh leis an tionscnamh agus é ag dul tríd an bpróiseas clárúcháin.
- Is féidir leis an bhfoireann "Faigh Comhairle" a chinntiú go gcomhlíonann dréacht-téacs an tionscnaimh na critéir dhlíthiúla ach ní thugann an fhoireann tuairim faoina bhfuil ann.

Tagairtí dlí

- Is maith an rud é i gcónaí tagairt a dhéanamh d'Airteagal 289 agus 294 den CAFE toisc gurb iad sin a thugann an chumhacht don Choimisiún reachtaíocht a mholadh. Airteagail eile a lua, braitheann sin ar an réimse ina bhfuil na heagraithe ag iarraidh gníomhaíocht reachtach a thosú. D'fhéadfadh sé a bheith ina chabhair réimse airteagal difriúil a chur ar fáil.
- Má dhéanann eagraithe tagairt d'airteagail ó na Conarthaí, ba cheart dóibh míniú a thabhairt faoin bhforáil a roghnaíodh (e.g. san iarscríbhinn). Ar an gcaoi sin, is éasca a bhíonn sé ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an gclárúchán.
- D'fhéadfadh an Coimisiún tionscnaimh a chlárú fiú i gcás nach gcuireann na heagraithe na forálacha cearta ar fáil.
- Is túsphointe maith i gcónaí é Airteagal 288 den TFEU chun tuiscint a fháil ar ghníomh dlíthiúil.

Eolas praiticiúil maidir le tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a chur isteach

- Tá sé sainordaitheach an t-eolas seo a leanas a chur ar fáil agus tionscnamh á chur isteach: teanga an tionscnaimh, teideal an tionscnaimh, cuspóirí an tionscnaimh, forálacha Chonarthaí an Aontais a mheastar a bheith ábhartha i gcás an ghníomhaíocht atá á moladh (airteagal nó tagairt leathan).
- Má tá an t-ábhar an-teicniúil, d'fhéadfadh iarscríbhinn a bheith ina cuidiú chun cuspóirí an tionscnaimh a shoiléiriú a thuilleadh.
- Is faoi na heagraithe atá sé leagan gearr nó fada de theideal an tionscnaimh a dhréachtú.

Próiseas

- Tá an fhéidearthacht ann eintiteas dlíthiúil a chruthú chun an tionscnamh a reáchtáil, i gcomhréir le dlí náisiúnta Ballstáit. Is é an ról a bheadh ag an eintiteas sin an tionscnamh féin a bhainistiú.
- A luaithe a iarrann na heagraithe an tionscnamh a chlárú, déanfaidh an Coimisiún measúnú an bhfuil sé glactha nó nach bhfuil. Tabharfaidh an Coimisiún freagra laistigh de 2 mhí.
- D'fhéadfadh an Coimisiún a chinneadh tionscnamh a chlárú go páirteach.
- Cuirfidh an Coimisiún ar fáil aistriúchán ar ábhar an tionscnaimh.
- Is iad seo a leanas na botúin is coitianta a dhéanann eagraithe: (1) An iomarca gnéithe a chur leis an éileamh. Tá sé tábhachtach gan smaointí difriúla a chur isteach in aon tionscnamh amháin. (2) Gan bheith eolach ar inniúlachtaí an Aontais. Ní mór d'eagraithe a chinntiú go bhfuil an ceart ag an Aontas reachtaíocht a mholadh i réimse an éilimh. (3) Gan a chinntiú an bhfuil an chumhacht ag an gCoimisiún gníomh dlíthiúil a mholadh maidir leis an tsaincheist shonrach ar a bhfuil sé d'aidhm ag an tionscnamh molta aghaidh a thabhairt.